Téarmaí agus Coinníollacha an Deontais

Is gá na coinníollacha thíos a chomhlíonadh ina n-iomláine agus go sásúil sula mbeifear in ann deontas a tharraingt anuas.

1. Tairiscint Deontais

Nuair a ghlactar le tairiscint deontais, glacann an deontaí leis na coinníollacha seo ina n-iomláine.
Ní féidir deontas a úsáid ach i gcomhair na gcostas faoi leith ceadaithe ag Cultúr Éireann mar atá leagtha sa tairiscint deontais a fuair tú agus ar shlí a bhaineann amach an luach is fearr agus is féidir ar airgead.

2. Comhairle Taistil

Ní mór árachas taistil a bheith socraithe chun clúdach a thabhairt i gcás leasuithe ar shocruithe taistil nó má chuirtear socrú ar ceal. Ní dhéanfaidh Cultúr Éireann costais a aisíoc i gcásanna nach mbeidh an t-imeacht ar siúl nó mura mbíonn taisteal ann.

3. Aitheantas as tacaíocht ó Chultúr Éireann

Caithfidh na daoine a gheobhaidh aon deontas aitheantas a thabhairt don tacaíocht ó Chultúr Éireann agus lógó Chultúr Éireann a úsáid san fhormáid chuí ar an ábhar poiblíochta ar fad bainteach leis an imeacht. Is gá aitheantas a thabhairt ar an leibhéal céanna agus a thabharfar d'urraitheoirí nó deontóirí corparáideacha nó eile as tacaíocht den chineál céanna. Coinneofar súil ar chúrsaí lena chinntiú go gcloífear leis an gcoinníoll seo. Tá sé de cheart ag Cultúr Éireann cóipeanna a iarraidh den ábhar poiblíochta ar fad leis an imeacht a phoibliú. Tá lógónna agus treoirlínte maidir lena n-úsáid le fáil ar ár suíomh gréasáin.

4. Clúdach sna Meáin

Iarrtar orthu siúd a gheobhaidh deontas naisc chuig aon chlúdach sa phreas, aon léirmheasanna agus grianghraif ábhartha a bhaineann leis an imeacht a chur i ríomhphost chuig grants@cultureireland.gov.ie agus an uimhir thagartha ó thairiscint

an deontais a lua. Ba cheart an t-eolas sin a chur isteach roimh an imeacht, lena linn agus ina dhiaidh. Féadfaidh Cultúr Éireann ábhar a chuirfear isteach a úsáid ar son poiblíochta.

Iarraimid orthu siúd a gheobhaidh deontas cairdeas a dhéanamh le Cultúr Éireann ar na meáin shóisialta sa dóigh is gur féidir linn an oiread poiblíochta agus is féidir a dhéanamh ar imeachtaí a gheobhaidh tacaíocht uainn. Is gá Cultúr Éireann a chlibeáil i ngach postáil a bhaineann le himeachtaí a bhfuil tacaíocht ann dóibh (Twitter @culture_ireland, Facebook @CultureIreland agus Instagram @cultureireland).

5. Cistí a tharraingt anuas

Sula ndéantar éileamh chun deontas a tharraingt anuas, caithfidh deontaithe an fhoirm ar líne Tuairisc ar Thorthaí a úsáid chun athbhreithniú a dhéanamh i ndiaidh an imeachta. Má dhéantar an Fhoirm Thuairiscithe a chomhlánú ar bhealach easnamhach nó míchuí, ní dhéanfaidh Cultúr Éireann na cistí a scaoileadh.

Déantar cistí a tharraingt anuas bunaithe ar chaiteachas dearbhaithe agus deimhniú nach bhfuil agus nach mbeidh na hadmhálacha á n-úsáid chun éileamh a dhéanamh ar aon fhoinse eile. Is gá na doiciméid ar fad (Foirm Thuairiscithe Chultúr Éireann ina measc) a chur isteach tráth nach déanaí ná sé seachtaine i ndiaidh an imeachta.

Íoctar gach deontas in Euro. Tá an deontaí féin freagrach as a dheimhniú go bhfuil an cuntas bainc a thugtar in ann glacadh le híocaíochtaí in Euro. Tá eolas breise faoin dóigh leis an deontas a tharraingt anuas sa doiciméad dar teideal “An Deontas a Tharraingt Anuas”.

6. Athruithe ar an Imeacht

Má bhítear chun aon athrú a dhéanamh ar an imeacht a bhfuil tacaíocht faighte ina leith (i.e., athruithe ar an dáta, ionad, ealaíontóir ainmnithe nó aon athrú suntasach eile), ní mór comhaontú scríofa a fháil ó Chultúr Éireann roimh ré. Tá sé de cheart ag Cultúr Éireann tairiscint aon deontais a tharraingt siar nó a leasú agus athruithe suntasacha á ndéanamh ar imeacht.

7. Beartas um Chosaint Leanaí

Tá dualgas ar dheontaithe atá bunaithe in Éirinn Cultúr Éireann a chur ar an eolas más rud é go mbeidh aon obair nó gníomhaíocht mar chuid den imeacht a mbeidh

teagmháil le leanaí ann nó má bhaineann an obair nó imeacht le gníomhaíochtaí oideachais, taighde, oiliúna, cultúrtha, fóillíochta, áineasa, sóisialta nó coirp a chur ar fáil do leanaí.

Más bainteach, ba chóir don deontaí a dheimhniú go bhfuil Ráiteas um Chumhdach Leanaí ann atá ag teacht leis an Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus le Tús Áite do Leanaí: Treoirlínte Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí, 2017, chomh maith le Beartas um Aosaigh Leochaileacha.

Ba chóir do gach deontaí a chinntiú go bhfuil polasaithe áitiúla um chosaint leanaí i bhfeidhm nuair is cuí.

Children First National Guidance for the Protection and Welfare of Children 2017

8. Acmhainní Tábhachtacha don Earnáil

Iarrtar ar gach deontaí am a chaitheamh leis na hacmhainní tábhachtacha seo:

An clár Safe to Create: tá eolas maidir le Safe to Create anseo. Clár don Dínit san Ionad Oibre is ea Safe to Create. Is é is aidhm don chlár seo athrú a bhaint amach ar chultúr agus cleachtais earnáil na n-ealaíon in Éirinn le go mbeidh coinníollacha oibre níos sábháilte ann ag ealaíontóirí agus acu siúd atá ag obair sna healaíona.

Is é Foras Amharclannaíochta na hÉireann a dhéanann an clár seo a bhainistiú thar ceann na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán i gcomhar leis an gComhairle Ealaíon, le Fís Éireann agus Minding Creative Minds.

Minding Creative Minds – Seo seirbhís 24/7 atá saor in aisce a thugann cineálacha éagsúla tacaíochta ar fáil don Earnáil Chruthaitheach in Éirinn. Clár tacaíochta folláine 32 chontae agus do mhuintir na hÉireann thar lear atá sa tseirbhís seo. Tá tuilleadh eolais ar Minding Creative Minds le fáil anseo.

9. Saoráil faisnéise

Féadfar faisnéis a thugtar do Chultúr Éireann a nochtadh mar fhreagairt ar iarratas a dhéantar faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Déanfar gach iarracht rúndacht deontaithe a chosaint i gcomhréir le téarmaí an Achta.

10. Dámhachtainí Deontais a fhoilsiú agus Ráiteas Príobháideachta

Tá beartas ag Cultúr Éireann sonraí ábhartha maidir le deontais a bhronntar a fhoilsiú ar líne, sonraí mar ainmneacha an deontaí, méid an deontais atá á thairiscint agus achoimre ar an imeacht atá beartaithe. D'fhéadfaí sonraí eile a thabhairt chomh maith. Tá Cultúr Éireann ag feidhmiú i gcomhréir le hoibleagáidí na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin RGCS:

Tá an Roinn tiomanta i dtaobh príobháideachas a chosaint agus meas a léiriú air an bpríobháideachas sin. Tá bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí i bhfeidhm ag an Roinn le do chuid faisnéise a chosaint ar rochtain gan údarás. Ní dhéanfaidh an Roinn bhur gcuid sonraí pearsanta a phróiseáil ar aon chúis seachas an chúis faoinar bailíodh iad. Féadfar sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna Rialtais eile, le húdaráis áitiúla, le gníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne nó le comhlachtaí poiblí eile, i gcúinsí áirithe ina ndéantar foráil dá leithéid de réir dlí. Ní choinneoidh an Roinn bhur gcuid sonraí pearsanta ach fad is gá iad a choinneáil ar mhaithe leis an gcúis lenar bailíodh iad agus iad a phróiseáil ina dhiaidh sin. Nuair a rachaidh an riachtanas gnó an fhaisnéis seo a choinneáil in éag, scrúdófar í d'fhonn na sonraí pearsanta a scriosadh a luaithe agus is féidir agus i gcomhréir le beartas na Roinne.

11. Cosaint Sonraí

Féach anseo i dtaca le cosaint sonraí agus an Roinn.